Uimhir 22 *de* 2000

AN tACHT OIDEACHAIS (LEAS), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Rialacháin.
4. Caiteachais.
5. Tuarascálacha i dtaobh oibriú an Achta.
6. Doiciméid a sheirbheáil.
7. Cionta.
8. Aisghairm.

CUID II

AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS.

9. An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a bhunú.
10. Feidhmeanna an Bhoird.
11. Oifigigh leasa oideachais.
12. Oifigeach idirchaidrimh.
13. Ordacháin ón Aire.

CUID III

LEAS OIDEACHAIS AGUS FREASTAL SCOILE ÉIGEANTACH.

14. Clár de pháistí a fhaigheann oideachas in áit seachas scoil.
15. Achomharc in aghaidh cinnidh ón mBord.

Alt

16. Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint agus moltaí a dhéanamh.

17. Tuismitheoir a chur faoi deara do leanbh freastal ar scoil.

18. Fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

19. Leanbh a ligean isteach i scoil aitheanta.

20. Cláir scoile.

21. Taifid freastail scoile.

22. Straitéisí freastail scoile.

23. Cód iompair.

24. Mac léinn a dhíbirt as scoil aitheanta.

25. Fógra freastail scoile.

26. Ceart an Bhoird cinneadh ó bhord bainistíochta faoi alt 29 d'Acht 1998 a achomharc etc.

27. Dualgais ilghnéitheacha an Bhoird i ndáil le leanaí áirithe agus le tuismitheoirí leanaí áirithe.

28. Sonraí pearsanta etc. a sholáthar do chomhlachtaí forordaithe.

29. Clár de dhaoine óga atá i bhfostaíocht.

30. Feidhmeanna oifigeach leasa oideachais.

31. Leasú ar Acht 1996.

CUID IV

FORÁLACHA A BHAINEANN LE hAIRGEADAS AGUS FOIREANN AN BHOIRD.

32. Deontais don Bhord.

33. Cuntais agus iniúchtaí.

34. Tuarascálacha agus faisnéis.

35. Bronntanais.

36. An Príomh-Fheidhmeannach.

37. Foireann.

38. Luach saothair foirne.

39. Comhaltaí foirne do chomhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird.

40. Foireann a aistriú.

41. Aoisliúntas.

AN SCEIDEAL

AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999	
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988	1988, Uimh. 25
An tAcht Oideachais, 1998	1998, Uimh. 51
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978	1978, Uimh. 4
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991	
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	1996, Uimh. 16
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991	
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992	1992, Uimh. 16
Na hAchtanna Freastal Scoile, 1926 go 1967	
An tAcht Ceárd-Chumann, 1941	1941, Uimh. 22
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993	
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930	1930, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Oibrithe (Fostaithe Páirtaimseartha Rialta), 1991	1991, Uimh. 5
An tAcht um Obair don Aos Óg, 1997	1997, Uimh. 30

Uimhir 22 *de* 2000

AN tACHT OIDEACHAIS (LEAS), 2000

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE GACH LEANBH SA STÁT A BHEITH I dTEIDEAL OIDEACHAIS ÍOSTA ÁIRITHE, AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CLÁRÚ LEANAÍ A FHAIGHEANN OIDEACHAS IN ÁITEANNA SEACHAS SCOILEANNA AITHEANTA, MAIDIR LE FREASTAL ÉIGEANTACH AG LEANAÍ ÁIRITHE AR SCOILEANNA AITHEANTA, MAIDIR LE BUNÚ COMHLACHTA AR A dTABHARFAR *THE NATIONAL EDUCATIONAL WELFARE BOARD* NÓ, SA GHAEILGE, AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS, MAIDIR LE COMHORDÚ A GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ DAOINE ÁIRITHE EILE A MHÉID A BHAINEANN NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SIN LE NITHE A BHFUIL BAINT ACU LE FREASTAL SCOILE, MAIDIR LE CÚISEANNA NEAMHFHREASTAIL A SHAINAITHINT AR THAOBH MAC LÉINN ÁIRITHE AGUS MAIDIR LE BEARTA A GHLACADH CHUN É A CHOSC, D'AISGHAIRM NA nACHTANNA FREASTAL SCOILE, 1926 GO 1967, DO CHEADÚ SONRAÍ A BHAINEANN LE STAIR OIDEACHAIS DUINE A SHOLÁTHAR DO DHAOINE ÁIRITHE, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN ACHT UM CHOSAINT DAOINE ÓGA (FOSTAÍOCHT), 1996, A LEASÚ, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN. [5 *Iúil*, 2000]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht Oideachais (Leas), 2000, a ghairm den Acht seo.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

CD. I A.1

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh, a mhéid nach mbeidh sé i ngníomh, 2 bhliain tar éis dháta a rite.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn ''Acht 1996'' an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996;

ciallaíonn ''Acht 1997'' an tAcht um Obair don Aos Óg, 1997;

ciallaíonn ''Acht 1998'' an tAcht Oideachais, 1998;

tá le ''duine údaraithe'' an bhrí a shanntar dó le *halt 14*;

ciallaíonn ''an Bord'' an comhlacht a bhunófar le *halt 9*;

ciallaíonn ''bord bainistíochta'' bord bainistíochta arna cheapadh de réir alt 14 d'Acht 1998 nó cibé daoine a gceanglaítear orthu le fo-alt (3) den alt sin feidhmeanna boird bainistíochta a chomhlíonadh;

ciallaíonn ''Príomh-Fheidhmeannach'' Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird a cheapfar faoi *alt 36*;

ciallaíonn ''leanbh'' duine a chónaíonn sa Stát, ar duine é nó í a bhfuil 6 bliana d'aois slánaithe aige nó aici agus—

(*a*) nach bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó aici, nó

(*b*) nach bhfuil 3 bliana d'iar-bhunoideachas críochnaithe aige nó aici,

cibé acu is déanaí a tharlóidh, ach ní fholóidh sé duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici;

déanfar ''oifigeach leasa oideachais'' a fhorléiriú de réir *alt 11*;

folaíonn ''feidhmeanna'' cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas;

ciallaíonn ''bord sláinte'' bord arna bhunú faoi alt 4 den Acht Sláinte, 1970;

ciallaíonn ''cigire'' cigire arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 13(1) d'Acht 1998 agus folaíonn sé an Príomh-Chigire arna cheapadh nó arna ceapadh faoin bhfo-alt sin;

ciallaíonn ''údarás áitiúil'' údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941;

ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Oideachais agus Eolaíochta;

tá le ''cumann náisiúnta tuismitheoirí'' an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;

ciallaíonn ''an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta'' an comhlacht arna bhunú le halt 39 d'Acht 1998;

ciallaíonn ''an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Obair don Aos Óg'' an coiste arna cheapadh faoi alt 10 d'Acht 1997; CD. I A.2

tá le ''tuismitheoir'' an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;

ciallaíonn ''fororddaithe'' fororddaithe le rialacháin, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

déanfar ''príomhoide'' a fhorléiriú de réir alt 23 d'Acht 1998, agus folaíonn sé aon duine (seachas duine a bhfuil feidhm ag an alt sin maidir leis nó léi) a bheidh, de thuras na huaire, ag comhlíonadh feidhmeanna príomhoide, i ndáil le scoil aitheanta, faoin Acht sin;

ciallaíonn ''scoil aitheanta''—

(*a*) scoil arna hainmniú ag an Aire faoi fho-alt (1) d'alt 10 d'Acht 1998 chun bheith ina scoil atá aitheanta chun críocha an Achta sin, nó

(*b*) scoil a meastar gur scoil í atá aitheanta de réir an ailt sin 10;

tá le ''eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile'' an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;

ciallaíonn ''ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta'' ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an mBord chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair, coinníollacha fostaíochta nó coinníollacha oibre fostaithe;

tá le ''lia-chleachtóir cláraithe'' an bhrí chéanna atá leis in Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978;

déanfar ''lá scoile'' a fhorléiriú de réir rialachán faoi alt 25 d'Acht 1998;

tá le ''scoilbhliain'' an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;

ciallaíonn ''ceardchumann'' ceardchumann is sealbhóir ceadúnais margántaíochta faoi Chuid II den Acht Ceárd-Chumann, 1941;

ciallaíonn ''coiste gairmoideachais'' coiste arna bhunú le halt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930;

tá le ''obair don aos óg'' an bhrí a shanntar dó le halt 2 d'Acht 1997.

(2) San Acht seo, aon tagairt do Chuid, d'alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid nó d'alt den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo, aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír den fhoráil (lena n-áirítear an Sceideal) ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(4) San Acht seo, aon tagairt d'achtachán forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis, cibé acu roimh thosach feidhme an fho-ailt seo nó dá éis sin.

3.—Déanfaidh an tAire gach rialachán faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta Rialacháin.

CD. I A.3

agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Caiteachais.

4.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Tuarascálacha i dtaobh oibriú an Achta.

5.—Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach ceann den 2 bhliain díreach tar éis an tAcht seo a rith, tuarascáil a ullmhú i dtaobh oibriú an Achta seo sa bhliain roimhe sin, agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóipeanna de gach tuarascáil den sórt sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Doiciméid a sheirbheáil.

6.—(1) Déanfar fógra nó doiciméad eile faoin Acht seo a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a sheirbheáil ar an duine nó a thabhairt dó nó di ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

(*a*) trína sheachadadh ar an duine,

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin, nó

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a áit ghnó.

Cionta.

7.—(1) Féadfaidh an Bord imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(2) I gcás ina ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

Aisghairm.

8.—Aisghairtear leis seo na hAchtanna Freastal Scoile, 1926 go 1967.

CUID II

AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a bhunú.

9.—(1) Bunaítear leis seo comhlacht ar a dtabharfar *The National Educational Welfare Board* nó, sa Ghaeilge, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (dá ngairtear ''an Bord'' san Acht seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh éifeacht le forálacha an *Sceidil* i ndáil leis an mBord.

Feidhmeanna an Bhoird.

10.—(1) Is iad feidhmeanna ginearálta an Bhoird a chinntiú go bhfreastalóidh gach leanbh ar scoil aitheanta nó bhfaighidh sé nó sí oideachas íosta áirithe ar shlí eile, agus cabhair a thabhairt i dtaca le beartais agus cuspóirí an Rialtais, de thuras na huaire, maidir le hoideachas leanaí a fhoirmliú agus a chur i ngníomh agus, chun na gcríoch sin, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—

(*a*) meas a chur chun cinn agus a chothú sa tsochaí, agus go háirithe i dteaghlaigh, ar na tairbhí atá le baint as an oideachas, go háirithe maidir le forbairt fhisiciúil, intleachtúil, mhothúchánach, shóisialach, chultúrtha agus mhorálta leanaí, agus ar na buntáistí sóisialacha agus eacnamaíocha a eascraíonn as sin,

(*b*) timpeallacht a chur chun cinn agus a chothú, i scoileanna aitheanta, a spreagann leanaí chun freastal ar scoil agus páirt a ghlacadh go hiomlán i saol na scoile,

(*c*) taighde a sheoladh agus a choimisiúnú ar na cúiseanna atá le neamhfhreastal ar thaobh mac léinn agus ar straitéisí agus ar chláir a bheidh ceaptha chun é a chosc,

(*d*) torthaí taighde a seoladh nó a coimisiúnaíodh de bhun *mhír (c)* a scaipeadh ar scoileanna aitheanta, agus comhairle a thabhairt do na scoileanna sin maidir le nithe a bhaineann le cosc neamhfhreastail, agus maidir le dea-iompar mac léinn i gcoitinne,

(*e*) cabhair a thabhairt do scoileanna aitheanta a mhéid is indéanta a n-oibleagáidí faoin Acht seo a chomhlíonadh,

(*f*) comhairle agus cabhair a thabhairt do leanaí agus do thuismitheoirí leanaí a léiríonn fadhbanna a bhaineann le freastal ar scoil agus le hiompar ar scoil,

(*g*) tacaíocht a thabhairt do straitéisí agus do chláir arb aidhm dóibh neamhfhreastal i scoileanna aitheanta a chosc, faireachán a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na cláir sin agus a n-éifeachtacht a mheasúnú,

(*h*) comhoibriú le cibé daoine is cuí leis an mBord, agus gníomhaíochtaí an Bhoird a chomhordú le gníomhaíochtaí na ndaoine sin a mhéid a bhaineann na gníomhaíochtaí sin le neamhfhreastal i scoileanna aitheanta a chosc,

(*i*) athbhreithnithe a dhéanamh ar an oiliúint agus ar an treoir a thugtar do mhúinteoirí maidir le nithe a bhaineann le freastal scoile agus le hiompar mac léinn, agus comhairle a thabhairt don Aire i ndáil leis na nithe sin,

(*j*) comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir leis na gnéithe sin den churaclam scoile ar dóigh dóibh, i dtuairim an Bhoird, éifeacht a bheith acu ar leibhéil freastail, nó ar mhéid rannpháirtíochta na mac léinn, ar scoil, agus

(*k*) comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ní lena mbaineann an tAcht seo.

(2) Beidh ag an mBord na cumhachtaí sin go léir a mheasfaidh sé is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(3) Beidh aird ag an mBord, le linn dó comhairle a thabhairt don Aire nó moltaí a chur faoina bhráid nó faoina bráid faoin alt seo, ar chostas na mbeart nár mhór a dhéanamh dá nglacfadh an tAire an chomhairle sin nó dá gcuirfeadh sé nó sí na moltaí sin i ngníomh.

(4) Féadfaidh an Bord, le toiliú thuismitheoir an linbh lena mbaineann, socrú a dhéanamh chun go ndéanfaidh cibé duine a chinnfidh an Bord, le comhthoiliú an tuismitheora, leanbh a mheasúnú i dtaca lena fhorbairt nó lena forbairt intleachtúil, mhothúchánach agus fhisiciúil (dá ngairtear ''measúnacht'' ina dhiaidh seo san alt seo).

(5) I gcás ina ndiúltóidh tuismitheoir a thoiliú nó a toiliú a thabhairt faoi *fho-alt (4)*, féadfaidh an Bord iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú go ndéanfar measúnacht ar an leanbh.

(6) Más deimhin leis an gCúirt Chuarda, ag éisteacht iarratais faoi *fho-alt (5)*, go bhfágann iompar an linbh, easpa dul chun cinn oideachasúil an linbh, nó a rialta a bhíonn sé nó sí as láthair ón scoil gan leithscéal réasúnach, gur cheart, sna himthosca go léir, measúnacht a dhéanamh, féadfaidh sí a ordú go ndéanfaidh cibé duine a shonrófar san ordú an leanbh a mheasúnú cibé tráth, ar cibé dóigh agus i cibé áit a shonrófar san ordú.

(7) Maidir le hiarratas ón mBord faoi *fho-alt (5)* chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chun breithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh lena mbaineann.

(8) Féadfaidh an Bord, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, dul i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis.

Oifigigh leasa oideachais.

11.—(1) Faoi réir *alt 37*, féadfaidh an Bord cibé daoine nó cibé aicmí daoine is cuí leis a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh leasa oideachais chun críocha an Achta seo.

(2) Déanfaidh an Bord barántas a cheaptha nó a ceaptha a thabhairt, tráth a cheaptha nó a ceaptha, do dhuine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* agus le linn don duine sin cumhacht a thugtar leis an Acht seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine a ndéanann an feidhmiú sin difear dó nó di é, an barántas sin a thabhairt ar aird don duine sin lena iniúchadh.

(3) Déanfaidh oifigeach leasa oideachais, i dteannta na bhfeidhmeanna a thugtar dó nó di leis an Acht seo, cibé feidhmeanna breise a chomhlíonadh a shannfaidh an Bord dó nó di.

(4) Tabharfaidh bord bainistíochta, príomhoide, múinteoirí agus comhaltaí foirne eile scoile aitheanta an chabhair sin go léir a theastóidh le réasún ó oifigeach leasa oideachais i gcomhlíonadh a

fheidhmeanna nó a feidhmeanna ag an oifigeach leasa oideachais lena mbaineann. CD. II A.11

(5) Gníomhóidh oifigeach leasa oideachais, i gcás inar cuí sin, i gcomhar leis na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*.

Oifigeach idirchaidrimh.

12.—(1) Déanfaidh an Bord, d'fhonn a chinntiú, a mhéid is indéanta—

(*a*) go gcomhordófar gníomhaíochtaí an Bhoird, agus gníomhaíochtaí údaráis iomchuí a mhéid a bhaineann siad le feidhm de chuid an Bhoird, agus

(*b*) go mbeidh beartais an Bhoird, agus beartais údaráis iomchuí a mhéid a bhaineann siad le feidhm de chuid an Bhoird, ag teacht lena chéile,

duine amháin nó níos mó dá oifigigh, nach ísle céim ná cibé céim a chinnfidh an tAire (agus, i gcás an duine sin nó gach duine ar leith acu, ar a dtabharfar agus dá ngairtear ''oifigeach idirchaidrimh'' san alt seo), a ainmniú chun idirchaidreamh a dhéanamh le cibé daoine a ainmneofar faoi *fho-ailt (2)* agus *(3)*, agus, chun na gcríoch sin, déanfaidh oifigeach a ainmneofar amhlaidh cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shannfaidh an Bord dó nó di.

(2) Déanfaidh údarás iomchuí (seachas bord sláinte, coiste gairmoideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta nó an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Obair don Aos Óg), chun na gcríoch a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, duine dá oifigigh nó dá hoifigigh nó comhalta dá fhoireann nó dá foireann, de réir mar is cuí, nach ísle céim ná cibé céim a chinnfidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an údarás iomchuí lena mbaineann, a ainmniú chun idirchaidreamh a dhéanamh le hoifigeach idirchaidrimh, agus, chun na gcríoch sin, déanfaidh oifigeach nó comhalta foirne a ainmneofar amhlaidh cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shannfaidh an t-údarás iomchuí lena mbaineann dó nó di.

(3) Déanfaidh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin údaráis iomchuí (seachas údarás iomchuí a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis), chun na gcríoch a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, oifigeach nó comhalta foirne, de réir mar is cuí, de chuid an údaráis iomchuí lena mbaineann, nach ísle céim ná cibé céim a chinnfidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin lena mbaineann, a ainmniú chun idirchaidreamh a dhéanamh le hoifigeach idirchaidrimh, agus, chun na gcríoch sin, déanfaidh oifigeach nó comhalta foirne a ainmneofar amhlaidh cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shannfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin lena mbaineann dó nó di.

(4) Déanfaidh duine a bheidh ainmnithe faoin alt seo ag údarás iomchuí cibé faisnéis maidir le beartais agus gníomhaíochtaí an údaráis iomchuí lena mbaineann, a mhéid a bhaineann siad le feidhm de chuid an Bhoird, a chur ar fáil don Bhord de réir mar a iarrfaidh an Bord nó, i gcás nach mbeidh faisnéis den sórt sin iarrtha ag an mBord, de réir mar is cuí leis an údarás iomchuí.

(5) Níl feidhm ag *fo-alt (4)* den alt seo maidir le faisnéis a bheidh i seilbh comhalta den Gharda Síochána, ar faisnéis í bheidh á sealbhú chun cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun daoine a rinne cionta, nó a gcreideann comhalta den Gharda Síochána go ndearna siad cionta, a ghabháil nó a ionchúiseamh.

Cd. II A.12

(6) Chun críocha an ailt seo, is údarás iomchuí gach ceann díobh seo a leanas, is é sin le rá:

(*a*) an tAire Sláinte agus Leanaí;

(*b*) an tAire Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh;

(*c*) an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

(*d*) an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

(*e*) an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán;

(*f*) Coimisinéir an Gharda Síochána;

(*g*) bord sláinte;

(*h*) coiste gairmoideachais;

(*i*) an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta;

(*j*) an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Obair don Aos Óg; agus

(*k*) cibé daoine eile a fhorordóidh an tAire.

Ordacháin ón Aire.

13.—(1) Féadfaidh an tAire ordachán i scríbhinn a thabhairt don Bhord á cheangal air cinntí beartais arna ndéanamh ag an Aire i ndáil le feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an tAire, le hordachán i scríbhinn, ordachán faoin alt seo (lena n-áirítear ordachán faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.

(3) Comhlíonfaidh an Bord ordachán faoin alt seo.

CUID III

Leas Oideachais agus Freastal Scoile Éigeantach

Clár de pháistí a fhaigheann oideachas in áit seachas scoil.

14.—(1) Déanfaidh an Bord, ar thosach feidhme an ailt seo, a chur faoi deara clár de na leanaí go léir atá ag fáil oideachais in áit seachas scoil aitheanta (dá ngairtear ''an clár'' ina dhiaidh seo san alt seo) a bhunú agus a chothabháil.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás ina roghnóidh tuismitheoir oideachas a thabhairt dá leanbh, nó a chur faoi deara go dtabharfar oideachas dá leanbh, in áit seachas scoil aitheanta, déanfaidh sé nó sí iarratas chuig an mBord, de réir an ailt seo, go gclárófar an leanbh lena mbaineann sa chlár.

(3) Maidir le haon leanbh a mbeidh, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, oideachas á thabhairt dó nó di in áit seachas scoil aitheanta, déanfaidh tuismitheoir an linbh sin, i gcás inar mian leis nó léi go leanfar d'oideachas a thabhairt amhlaidh don leanbh, iarratas chuig an mBord, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an tosach feidhme sin, go gclárófar an leanbh lena mbaineann sa chlár.

(4) Maidir le hiarratas faoin alt seo— CD. III A.14

(*a*) beidh sé i scríbhinn,

(*b*) sonrófar ann an áit ag a bhfaigheann an leanbh an t-oideachas lena mbaineann an t-iarratas, agus

(*c*) comhlíonfaidh sé cibé ceanglais (más ann) a fhorordóidh an tAire nó a fhorbróidh an Bord le ceadú an Aire.

(5) A luaithe is indéanta tar éis don Bhord iarratas faoin alt seo a fháil, déanfaidh an Bord, d'fhonn a chinneadh an bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil ag an leanbh, a chur faoi deara do dhuine údaraithe measúnacht a dhéanamh, i gcomhairle leis an tuismitheoir a rinne an t-iarratas, ar na nithe seo a leanas—

(*a*) an t-oideachas atá á chur ar fáil, nó a bheartaítear a chur ar fáil, don leanbh,

(*b*) na hábhair a úsáidtear, nó a bheartaítear a úsáid, le linn an t-oideachas sin a chur ar fáil, agus

(*c*) an t-am a chaitear, nó a bheartaítear a chaitheamh, ag cur an oideachais sin ar fáil,

agus más rud é, tar éis dó tuarascáil a fháil faoi *fho-alt (8)* maidir leis an measúnacht sin, go mbeidh an Bord den tuairim nach féidir leis an ní sin a chinneadh, déanfaidh sé, le toiliú an tuismitheora sin, a chur faoi deara do dhuine údaraithe—

(i) dul isteach san áit ina bhfuil oideachas á thabhairt don leanbh agus an leanbh a fhaire agus é nó í ag fáil an oideachais atá á chur ar fáil dó nó di,

(ii) cibé áitreabh, trealamh agus ábhair a bheidh á n-úsáid le linn oideachas a chur ar fáil don leanbh a iniúchadh, agus

(iii) measúnacht a dhéanamh ar an leanbh, san áit sin nó i cibé áit eile is cuí leis an mBord, i dtaca lena fhorbairt nó lena forbairt intleachtúil, mhothúchánach agus fhisiciúil, lena n-áireofar measúnacht ar eolas agus tuiscint an linbh ar cibé ábhair, agus ar a inniúlacht nó a hinniúlacht i cibé cleachtaí agus disciplíní, is cuí leis an duine údaraithe,

agus gairtear ''measúnacht'' ina dhiaidh seo san alt seo ar chomhlíonadh aon cheann nó gach ceann de na feidhmeanna dá dtagraítear san fho-alt seo ag duine údaraithe.

(6) I gcás inar deimhin leis an mBord, tar éis dó tuarascáil a fháil a bheidh curtha faoina bhráid faoin alt seo i leith linbh ar mac léinn é nó í i scoil seachas scoil aitheanta, go bhfuil an scoil ag cur oideachas íosta áirithe ar fáil do leanaí ar mic léinn iad sa scoil sin féadfaidh sé, gan aon mheasúnachtaí breise a dhéanamh, aon duine nó gach duine de na leanaí sin a chlárú sa chlár, ar choinníoll go gcuireann an scoil lena mbaineann in iúl don Bhord i scríbhinn gur mic léinn sa scoil sin na leanaí lena mbaineann.

(7) Féadfaidh duine údaraithe, i leith linbh chláraithe, measúnachtaí a dhéanamh ag cibé eatraimh (más ann) a shonróidh an Bord, agus dá réir sin beidh feidhm ag *fo-alt (5)* fairis na modhnuithe is gá.

Cd. III A.14

(8) Déanfaidh duine údaraithe, a luaithe is féidir tar éis measúnacht a chríochnú faoin alt seo, tuarascáil maidir lena fhionnachtana nó lena fionnachtana i ndáil leis an measúnacht sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird.

(9) Déanfaidh an Bord cóip de thuarascáil a gheobhaidh sé faoin alt seo a sheirbheáil ar thuismitheoir an linbh lena mbaineann an tuarascáil agus iarrfaidh sé ar an tuismitheoir sin uiríll a dhéanamh chun an Bhoird maidir leis na nithe lena mbaineann an tuarascáil.

(10) A luaithe is féidir tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil a bheidh curtha faoina bhráid faoin alt seo, i leith linbh lena mbaineann iarratas faoin alt seo, agus ar aon uiríll a bheidh déanta chuige ag tuismitheoir an linbh lena mbaineann, déanfaidh an Bord—

(*a*) más deimhin leis go bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil ag an leanbh lena mbaineann, an leanbh lena mbaineann a chlárú sa chlár, nó

(*b*) mura deimhin leis amhlaidh—

(i) an leanbh a chlárú sa chlár faoi réir gealltanais ó thuismitheoir an linbh go gcomhlíonfaidh sé nó sí cibé ceanglais de chuid an Bhoird a chinnteoidh, i dtuairim an Bhoird, go bhfaighidh an leanbh oideachas íosta áirithe, nó

(ii) diúltú an leanbh lena mbaineann a chlárú sa chlár.

(11) Is i scríbhinn a bheidh gealltanas a bhfuil feidhm ag *mír (b)(i) d'fho-alt (10)* maidir leis agus tabharfar é laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Bord.

(12) Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar thuarascáil a bheidh curtha faoina bhráid faoin alt seo i leith linbh chláraithe, agus ar aon uiríll a bheidh déanta chuige ag tuismitheoir an linbh lena mbaineann, déanfaidh an Bord—

(*a*) mura deimhin leis go bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil ag an leanbh—

(i) ainm an linbh a bhaint den chlár, nó

(ii) a cheangal ar thuismitheoir an linbh gealltanas a thabhairt i scríbhinn go gcomhlíonfaidh sé nó sí cibé coinníollacha a chinnteoidh, i dtuairim an Bhoird, go bhfaighidh an leanbh oideachas íosta áirithe,

nó

(*b*) mura deimhin leis go bhfuil tuismitheoir an linbh ag cloí le gealltanas a tugadh de bhun *mhír (b)(i) d'fho-alt (10)*, nó de bhun *mhír (a)*(ii) nó ag comhlíonadh ceanglais faoi *alt 15(6)(c)*, ainm an linbh a bhaint den chlár.

(13) I gcás ina mainneoidh nó ina ndiúltóidh tuismitheoir linbh—

(*a*) a thoiliú nó a toiliú a thabhairt le haghaidh measúnacht de réir *fho-alt (5)* nó *(7)* a dhéanamh laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Bord, nó

(*b*) cibé cabhair a theastóidh ó dhuine údaraithe chun measúnacht a dhéanamh a thabhairt dó nó di, CD. III A.14

déanfaidh an Bord—

(i) i gcás iarratais go ndéanfaí an leanbh sin a chlárú sa chlár, diúltú an leanbh a chlárú amhlaidh, nó

(ii) i gcás linbh chláraithe, a ainm nó a hainm a bhaint den chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo.

(14) I gcás ina gcinnfidh an Bord leanbh a chlárú faoi *mhír (a)* nó *(b)(i) d'fho-alt (10)*, cuirfidh sé faoi deara ainm an linbh agus cibé sonraí eile a fhorordóidh an tAire a thaifeadadh sa chlár agus beidh an leanbh, air sin, cláraithe chun críocha an ailt seo.

(15) Déanfaidh tuismitheoir linbh cláraithe, i gcás ina scoirfidh sonra a bheidh taifeadta sa chlár de réir *fho-alt (14)* de bheith ceart, an méid sin a chur in iúl don Bhord a luaithe is féidir.

(16) Ní bhainfidh an Bord ainm linbh den chlár ar an aon fhoras amháin go bhfuil an leanbh lena mbaineann á chosc nó á cosc ar oideachas íosta áirithe a fháil de dheasca breoiteachta, cibé acu is de chineál buan nó sealadach í.

(17) Déanfaidh an Bord, a luaithe is féidir tar éis leanbh atá cláraithe i scoil aitheanta a chlárú faoi *mhír (a)* nó *(b)(i) d'fho-alt (10)*, an méid sin a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, do phríomhoide na scoile agus, ar an bhfógra sin a fháil, bainfidh an príomhoide lena mbaineann ainm an linbh den chlár a bheidh á chothabháil faoi *alt 20* i leith na scoile lena mbaineann.

(18) Beidh aird ag an mBord, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo, ar cibé treoirlínte a eiseoidh an tAire, nó ar cibé moltaí a dhéanfaidh an tAire, faoi *alt 16*.

(19) Níl feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le leanbh a bhfuil oideachas á thabhairt dó nó di i scoil lasmuigh den Stát, nó

(*b*) maidir le leanbh atá páirteach i gclár oideachais, oiliúna, teagaisc nó taithí oibre arna fhorordú ag an Aire.

(20) (*a*) San alt seo—

ciallaíonn ''duine údaraithe'' cigire, oifigeach leasa oideachais nó duine a bheidh ceaptha ag an mBord chun feidhmeanna duine údaraithe faoin alt seo a chomhlíonadh;

ciallaíonn ''leanbh cláraithe'' leanbh atá, de thuras na huaire, cláraithe sa chlár de réir an ailt seo.

(*b*) Chun críocha an ailt seo, is é a bheidh i gclárú linbh sa chlár a ainm nó a hainm, agus cibé sonraí eile a bhaineann leis an leanbh agus a chinnfidh an Bord, a thaifeadadh sa chlár.

Achomharc in aghaidh cinnidh ón mBord.

15.—(1) Más rud é, maidir leis an mBord—

(*a*) go ndiúltóidh sé, de réir *mhír (b)(ii) d'fho-alt (10) d'alt 14*, leanbh a chlárú sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt sin,

Cd. III A.15

(*b*) go gcomhaontóidh sé an leanbh a chlárú sa chlár sin de réir *mhír (b)(i)* den *fho-alt (10)* sin,

(*c*) go mbainfidh sé ainm linbh den chlár sin de réir *fho-alt (12)* den alt sin, nó

(*d*) go gceanglóidh sé go dtabharfar gealltanas de réir *mhír (a)(ii)* den *fho-alt (12)* sin,

(dá ngairtear ''cinneadh'' ina dhiaidh seo san alt seo), cuirfidh sé an méid sin in iúl, trí fhógra i scríbhinn, do thuismitheoir an linbh lena mbaineann agus féadfaidh tuismitheoir an linbh lena mbaineann achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh agus chun na críche sin seirbheálfaidh sé nó sí fógra achomhairc ar an Aire laistigh de 21 lá tar éis dó nó di an fógra céadluaite a fháil.

(2) Is i scríbhinn a bheidh fógra achomhairc faoi *fho-alt (1)* agus beidh sé i cibé foirm (más ann) a fhorordóidh an tAire.

(3) Déanfaidh an tAire, laistigh de 14 lá tar éis fógra achomhairc a fháil faoi *fho-alt (1)*, coiste a cheapadh chun achomharc faoin alt seo a éisteacht agus a chinneadh (dá ngairtear ''coiste achomhairc'' ina dhiaidh seo san alt seo).

(4) Is iad a bheidh ar choiste achomhairc cibé breitheamh den Chúirt Dúiche a ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Dúiche, cibé cigire agus cibé duine eile (seachas oifigeach don Aire nó don Bhord) a cheapfaidh an tAire chuige sin.

(5) Iarrfaidh coiste achomhairc ar thuismitheoir an linbh lena mbaineann, agus ar an duine údaraithe a rinne an tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird faoi *fho-alt (8) d'alt 14*, aighneachtaí a dhéanamh chuige maidir leis na nithe lena mbaineann an t-achomharc.

(6) Déanfaidh an coiste achomhairc, tar éis dó aon aighneachtaí a bheidh déanta chuige de bhun *fho-alt (5)* agus an tuarascáil dá dtagraítear san fho-alt sin a bhreithniú—

(*a*) cinneadh an Bhoird a dhaingniú,

(*b*) a cheangal ar an mBord an leanbh lena mbaineann a chlárú sa chlár a bheidh á chothabháil faoi *alt 14*, nó

(*c*) a cheangal ar an mBord an leanbh lena mbaineann a chlárú sa chlár sin faoi réir gealltanais ó thuismitheoir an linbh go gcomhlíonfaidh sé nó sí cibé ceanglais is cuí leis an gcoiste achomhairc.

(7) Comhlíonfaidh an Bord ceanglas de chuid coiste achomhairc faoi *fho-alt (6)*.

Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint agus moltaí a dhéanamh.

16.—Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus le cibé daoine eile (más ann) is cuí leis an Aire—

(*a*) treoirlínte a eisiúint, agus

(*b*) moltaí de chineál ginearálta a dhéanamh,

chuig an mBord, d'fhonn cabhrú leis an mBord a chinneadh an bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil ag leanbh. Cd. III A.16

Tuismitheoir a chur faoi deara do leanbh freastal ar scoil.

17.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, cuirfidh tuismitheoir linbh faoi deara don leanbh lena mbaineann freastal ar scoil aitheanta gach lá scoile.

(2) Ní cheanglófar ar leanbh freastal ar scoil aitheanta más rud é—

(*a*) go bhfuil sé nó sí cláraithe sa chlár a bheidh á chothabháil faoi *alt 14*,

(*b*) go ndearnadh iarratas faoin alt sin i leith an linbh a sheirbheáil ar an mBord ach nach mbeidh cinneadh déanta ag an mBord i ndáil leis sin, nó go ndearnadh fógra achomhairc faoi *alt 15* a sheirbheáil ar an Aire ach nach mbeidh cinneadh déanta ag coiste achomhairc i ndáil leis an achomharc,

(*c*) gur leanbh é nó í a bhfuil feidhm ag *fo-alt (3) d'alt 14* maidir leis nó léi agus nach mbeidh an tréimhse 3 mhí dá dtagraítear ann dulta in éag,

(*d*) go bhfuil an leanbh ag freastal go sealadach ar scoil lasmuigh den Stát agus go bhfuil an chúis atá lena neamhfhreastal ar an scoil ina bhfuil sé nó sí cláraithe curtha in iúl ag tuismitheoir an linbh don dara scoil a luaitear,

(*e*) gur leanbh é nó í dá dtagraítear i *bhfo-alt (19) d'alt 14*,

(*f*) go bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil aige nó aici de bhun socrú arna dhéanamh ag an mBord faoi *alt 27(2)*, nó

(*g*) go bhfuil cúis leordhóthanach éigin eile ann nach bhfuil sé nó sí ag freastal amhlaidh.

Fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

18.—I gcás ina mbeidh leanbh as láthair ón scoil ina bhfuil sé nó sí cláraithe ar feadh cuid de lá scoile nó ar feadh lae scoile nó níos mó ná lá scoile, cuirfidh tuismitheoir an linbh sin na cúiseanna go bhfuil an leanbh as láthair in iúl do phríomhoide na scoile, de réir na nósanna imeachta a bheidh sonraithe sa chód iompair a bheidh ullmhaithe ag an scoil faoi *alt 23*.

Leanbh a ligean isteach i scoil aitheanta.

19.—(1) Ní dhiúltóidh bord bainistíochta scoile aitheanta leanbh a ligean isteach mar mhac léinn sa scoil sin, ar leanbh é nó í a mbeidh iarratas chun é nó í a ligean isteach amhlaidh déanta ina leith, ach amháin i gcás ina mbeidh an diúltú sin de réir bheartas na scoile aitheanta lena mbaineann, arna fhoilsiú faoi alt 15(2)(*d*) d'Acht 1998.

(2) Déanfaidh tuismitheoir linbh a mbeidh iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* déanta aige nó aici cibé faisnéis a fhorordóidh an tAire a chur ar fáil don scoil aitheanta lena mbaineann.

(3) A luaithe is indéanta, ach tráth nach déanaí ná 21 lá, tar éis do thuismitheoir cibé faisnéis a chur ar fáil, de réir *fho-alt (2)*, a fhorordóidh an tAire faoin bhfo-alt sin, déanfaidh bord bainistíochta na scoile lena mbaineann cinneadh i leith an iarratais lena

Cd. III A.19

mbaineann agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl i scríbhinn don tuismitheoir.

Cláir scoile.

20.—(1) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, a chur faoi deara clár de na mic léinn go léir a fhreastalaíonn ar an scoil sin a bhunú agus a chothabháil.

(2) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, an lá a fhreastalóidh an leanbh ar an scoil sin den chéad uair, ainm an linbh, an dáta a fhreastalaíonn sé nó sí amhlaidh den chéad uair agus cibé sonraí eile a fhorordóidh an tAire a thaifeadadh sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith na scoile sin agus measfar, chun críocha an Achta seo, an leanbh lena mbaineann a bheith cláraithe sa scoil sin amhail ar an agus ón dáta sin.

(3) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, a luaithe is féidir tar éis ainm linbh atá cláraithe i scoil aitheanta eile a chlárú sa chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith na chéad scoile a luaitear, an méid sin a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, do phríomhoide an dara scoil a luaitear.

(4) Déanfaidh príomhoide an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, ar fhógra faoin bhfo-alt sin a fháil, ainm an linbh lena mbaineann a bhaint den chlár a bheidh á chothabháil faoin alt seo i leith an dara scoil sin a luaitear ach amháin i gcás ina leanfaidh an leanbh de bheith ag fáil cuid dá oideachas nó dá hoideachas sa scoil sin.

(5) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, ar fhógra faoi *fho-alt (3)* a fháil i leith linbh, na nithe seo a leanas a chur in iúl do phríomhoide na chéad scoile a luaitear san fho-alt sin—

(*a*) aon fhadhbanna i ndáil le freastal scoile a bhí ag an leanbh lena mbaineann le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an dara scoil a luaitear agus dá dtagraítear ann, nó

(*b*) cibé nithe eile is cuí leis nó léi i ndáil le dul chun cinn oideachasúil an linbh.

(6) Ní bhainfidh príomhoide scoile aitheanta ainm linbh den chlár seachas—

(*a*) de réir *fho-alt (4)*, nó

(*b*) i gcás ina mbeidh fógra i scríbhinn faighte aige nó aici ón mBord á rá go bhfuil an leanbh lena mbaineann cláraithe sa chlár a bheidh á chothabháil faoi *alt 14*.

Taifid freastail scoile.

21.—(1) Cuirfidh príomhoide scoile aitheanta faoi deara go ndéanfar taifead ar fhreastal nó ar neamhfhreastal, gach lá scoile, ag gach mac léinn atá cláraithe sa scoil, a chothabháil i leith gach scoilbhliana.

(2) Sonrófar an méid seo a leanas i dtaifead a chothabhálfar faoi *fho-alt (1)*, is é sin le rá:

(*a*) i gcás ina bhfreastalóidh mac léinn ar an scoil lena mbaineann ar lá scoile, gur fhreastail sé nó sí amhlaidh, nó

(*b*) i gcás ina mainneoidh mac léinn freastal amhlaidh, gur mhainnigh sé nó sí amhlaidh agus na cúiseanna a bhí leis an mainneachtain sin. Cd. III A.21

(3) Déanfar taifead a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis a chothabháil sa scoil aitheanta lena mbaineann agus beidh sé i cibé foirm a shonróidh an Bord.

(4) Más rud é—

(*a*) go gcuirfear mac léinn ar fionraí ó scoil aitheanta ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 lá,

(*b*) nach lú ná 20 líon comhiomlán na laethanta scoile ar a mbeidh mac léinn as láthair ó scoil aitheanta le linn scoilbhliana,

(*c*) go ndéanfaidh príomhoide na scoile lena mbaineann, ar chúis ar bith, ainm mic léinn a bhaint den chlár dá dtagraítear in *alt 20*,

(*d*) nach bhfuil mac léinn, i dtuairim phríomhoide na scoile aitheanta ina bhfuil sé nó sí cláraithe, ag freastal ar scoil go rialta,

cuirfidh príomhoide na scoile lena mbaineann an méid sin in iúl láithreach, trí fhógra i scríbhinn, d'oifigeach leasa oideachais.

(5) Ar fhógra faoi *fho-alt (4)* a fháil, déanfaidh oifigeach leasa oideachais an méid seo a leanas—

(*a*) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an mac léinn lena mbaineann, lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí, leis an bpríomhoide agus le cibé daoine eile is cuí leis nó léi, agus

(*b*) déanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go ndéanfar foráil le haghaidh oideachas leantach an linbh agus le haghaidh rannpháirtíocht iomlán an linbh ar scoil.

(6) Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis dheireadh gach scoilbhliana, tuarascáil a chur faoina mbráid seo a leanas—

(*a*) an t-oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna faoin Acht seo i ndáil leis an scoil sin sannta dó nó di, agus

(*b*) cumann tuismitheoirí na scoile aitheanta lena mbaineann arna bhunú faoi alt 26 d'Acht 1998 (i gcás inar bunaíodh amhlaidh é),

maidir leis na leibhéil freastail ar an scoil sin le linn na scoilbhliana díreach roimhe sin.

(7) Beidh tuarascáil faoi *fho-alt (6)* i cibé foirm, agus comhlíonfaidh sí cibé ceanglais, a chinnfidh an Bord.

(8) Féadfaidh oifigeach leasa oideachais, le linn aon lá scoile, dul isteach i scoil aitheanta agus an clár a bheidh á chothabháil sa scoil sin faoi *alt 20* nó taifead a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis a iniúchadh, agus cóipeanna a dhéanamh de shleachta as an gclár nó as an taifead sin.

Cd. III A.21

(9) Chun críocha an ailt seo measfar nach bhfuil mac léinn as láthair ón scoil i gcás ina bhfuil aon tréimhse asláithreachta údaraithe ag an bpríomhoide agus go mbaineann sí le gníomhaíochtaí a bheidh eagraithe ag an scoil nó a bhfuil baint ag an scoil leo.

Straitéisí freastail scoile.

22.—(1) Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile sin, leis na múinteoirí atá ag múineadh inti, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe inti, agus leis an oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna i ndáil léi sannta dó nó di, ráiteas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na straitéisí agus leis na bearta a bheartaíonn sé a ghlacadh chun meas ar an bhfoghlaim a chothú i measc mac léinn atá ag freastal ar an scoil sin agus chun freastal rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin a spreagadh (dá ngairtear ''ráiteas straitéise'' ina dhiaidh seo san alt seo).

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfar foráil i ráiteas straitéise maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) luaíocht a thabhairt do mhic léinn a bhfuil taifid freastail scoile maithe acu;

(*b*) mic léinn a bhfuil an baol ann go bhforbróidh fadhbanna freastail scoile iontu a aithint go luath;

(*c*) teagmhálacha níos dlúithe a bhunú idir an scoil lena mbaineann agus teaghlaigh mac léinn a bhfuil feidhm ag *mír (b)* maidir leo;

(*d*) an scoil do chothú, do chur chun cinn agus do bhunú teagmhálacha—

(i) le scoileanna eile a chuireann bunoideachas nó iar-bhunoideachas ar fáil,

(ii) le comhlachtaí a bhíonn ag gabháil do chláir oibre don aos óg nó do sheirbhísí a bhaineann leo sin a chur ar fáil, nó a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí spóirt nó cultúir a eagrú, agus

(iii) le cibé comhlachtaí eile is cuí leis an mbord bainistíochta agus atá laistigh den limistéar ina bhfuil an scoil lena mbaineann suite;

(*e*) a mhéid is indéanta, cláir ghníomhaíochtaí a fhorbairt, tar éis dul i dteagmháil leis na comhlachtaí dá dtagraítear i *mír (d)*, ar cláir iad a bheidh ceaptha chun rannpháirtíocht iomlán mac léinn i saol na scoile a spreagadh;

(*f*) a mhéid is indéanta, cláir a chomhordú le scoileanna eile, ar cláir iad arb aidhm dóibh dea-iompar a chur chun cinn i measc mac léinn agus freastal rialta ar scoil ag mic léinn a spreagadh, agus faisnéis i ndáil le nithe a bhaineann le hiompar agus le freastal scoile a mhalartú leis na scoileanna sin;

(*g*) na nithe seo a leanas a aithint—

(i) gnéithe d'oibriú agus de bhainistíocht na scoile agus de mhúineadh an churaclaim scoile a d'fhéadfadh cur le fadhbanna a bhaineann le freastal scoile ar thaobh mac léinn áirithe, agus

(ii) straitéisí— CD. III A.22

(I) chun deireadh a chur leis na gnéithe sin a mhéid nach bhfuil siad riachtanach ná fóirsteanach chun an scoil a reáchtáil go cuí agus go héifeachtach ag féachaint, go háirithe, do riachtanais oideachais mac léinn, agus

(II) a spreagfaidh freastal níos rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin.

(3) Beidh aird ag bord bainistíochta scoile aitheanta, le linn dó ráiteas straitéise a ullmhú, ar cibé treoirlínte a eiseoidh an Bord maidir le ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur in éifeacht.

(4) Maidir le ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Bhoird ag bord bainistíochta scoile aitheanta de réir *fho-alt (1)*, déanfaidh an bord bainistíochta sin é a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(5) Féadfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, le toiliú an Aire, agus d'fhonn éifeacht a thabhairt do ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Bhoird aige de réir an ailt seo, cibé múinteoirí agus cibé líon múinteoirí atá fostaithe aige, agus is cuí leis, a cheapadh chun idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe sa scoil lena mbaineann agus chun cibé cabhair is cuí leis an mbord bainistíochta lena mbaineann a thabhairt do theaghlaigh na mac léinn sin.

(6) Féadfaidh dhá bhord bainistíochta, nó níos mó, de chuid scoileanna aitheanta, más cuí leo, cur i gcrích na ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Bhoird acu, de réir *fho-alt (1)*, a chomhordú agus comhoibriú lena chéile chun é sin a dhéanamh.

(7) Eiseoidh an Bord treoirlínte chuig boird bhainistíochta scoileanna aitheanta chun críocha an ailt seo.

(8) Déanfar an ráiteas straitéise a bheidh ullmhaithe ag bord bainistíochta scoile aitheanta a áireamh sa phlean a ullmhóidh sé faoi alt 21 d'Acht 1998.

Cód iompair.

23.—(1) Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile sin, leis na múinteoirí atá ag múineadh inti, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe inti, agus leis an oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna i ndáil léi sannta dó nó di, cód iompair i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil (dá ngairtear ''cód iompair'' ina dhiaidh seo san alt seo) a ullmhú de réir *fho-alt (2)*.

(2) Sonrófar na nithe seo a leanas i gcód iompair—

(*a*) na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;

(*b*) na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na caighdeáin sin a urramú;

(*c*) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann;

Cd. III A.23

(*d*) na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn; agus

(*e*) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

(3) Ullmhófar cód impair de réir cibé treoirlínte a eiseoidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle le cumainn náisiúnta tuismitheoirí, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus le ceardchumainn agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí.

(4) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, sula gclaróidh sé nó sí leanbh mar mhac léinn sa scoil sin de réir *alt 20*, cóip den chód iompair i leith na scoile a chur ar fáil do thuismitheoirí an linbh sin agus féadfaidh sé nó sí, mar choinníoll a ghabhann leis an leanbh sin a chlárú amhlaidh, a cheangal ar a thuismitheoirí nó ar a tuismitheoirí a dhaingniú i scríbhinn go bhfuil an cód iompair a chuirtear ar fáil amhlaidh inghlactha acu agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an leanbh an cód sin.

(5) Déanfaidh príomhoide scoile aitheanta, ar mhac léinn atá cláraithe sa scoil nó ar thuismitheoir mic léinn den sórt sin iarraidh a dhéanamh, cóip den chód iompair i leith na scoile lena mbaineann a chur ar fáil don mhac léinn nó don tuismitheoir, de réir mar a bheidh.

Mac léinn a dhíbirt as scoil aitheanta.

24.—(1) I gcás ina mbeidh bord bainistíochta scoile aitheanta nó duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann den tuairim gur chóir mac léinn a dhíbirt as an scoil sin déanfaidh sé nó sí, sula ndéanfaidh sé nó sí an mac léinn a dhíbirt amhlaidh, an tuairim atá aige nó aici agus na cúiseanna atá leis an tuairim sin a chur in iúl i scríbhinn don oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna faoin Acht seo sannta dó nó di.

(2) Déanfaidh an t-oifigeach leasa oideachais lena mbaineann, a luaithe is féidir tar éis fógra a fháil faoi *fho-alt (1)*, gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go ndéanfar foráil le haghaidh oideachas leantach an mhic léinn lena mbaineann an fógra.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, déanfaidh an t-oifigeach leasa oideachais lena mbaineann, a luaithe is féidir tar éis an fógra sin a fháil—

(*a*) gach iarracht réasúnach chun dul i gcomhairle le príomhoide na scoile lena mbaineann nó le duine a bheidh ainmnithe aige nó aici, leis an mac léinn lena mbaineann agus lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí, agus le cibé daoine eile is cuí leis an oifigeach leasa oideachais, agus

(*b*) cruinniú a thionól, ar a bhfreastalóidh sé nó sí, de cibé daoine díobh sin a aontóidh freastal ar an gcruinniú sin.

(4) Ní dhéanfar mac léinn a dhíbirt as scoil sula mbeidh 20 lá scoile caite tar éis d'oifigeach leasa oideachais fógra a fháil faoin alt seo.

(5) Ní dochar *fo-alt (4)* do cheart boird bainistíochta cibé bearta réasúnacha eile is cuí leis a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinneofar dea-ord agus smacht sa scoil lena mbaineann agus go n-áiritheofar sábháilteacht na mac léinn.

CD. III

Fógra freastail scoile.

25.—(1) Faoi réir *alt 17(2)*, déanfaidh an Bord, má bhíonn sé den tuairim go bhfuil tuismitheoir ag mainneachtain nó ag failliú a chur faoi deara dá leanbh freastal ar scoil aitheanta de réir an Achta seo, fógra (dá ngairtear ''fógra freastail scoile'' ina dhiaidh seo san alt seo) a sheirbheáil ar an tuismitheoir sin—

(*a*) á cheangal air nó uirthi ar dhul in éag do cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, a chur faoi deara dá leanbh, a bheidh ainmnithe san fhógra, freastal ar cibé scoil aitheanta a bheidh sonraithe san fhógra, agus freastal ansin gach lá scoile ar a mbeidh an fógra i bhfeidhm, agus

(*b*) á chur in iúl dó nó di go mbeidh sé nó sí ciontach i gcion má mhainníonn sé nó sí ceanglas faoi *mhír (a*) a chomhlíonadh.

(2) Fanfaidh fógra freastail scoile faoin alt seo i bhfeidhm go ceann cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra nó go dtí go ndéanfaidh an Bord é a chúlghairm.

(3) Sula ndéanfaidh an Bord fógra freastail scoile déanfaidh sé, ar cibé modh is cuí leis, gach iarracht réasúnach chun dul i gcomhairle leis na daoine seo a leanas—

(*a*) tuismitheoirí an linbh lena mbaineann, agus

(*b*) príomhoide na scoile aitheanta a bheartaíonn an Bord a shonrú san fhógra sin,

agus, nuair a shonróidh sé scoil aitheanta amhlaidh, beidh aird aige, a mhéid is indéanta, ar an roghnachas (más ann) a bheidh curtha in iúl ag na tuismitheoirí sin.

(4) Aon duine a sháróidh ceanglas i bhfógra freastail scoile beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £500, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná mí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

(5) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (4)* beidh sé nó sí, ar gach lá tar éis é nó í a chiontú sa chion sin a leanfaidh sé nó sí de cheanglas san fhógra freastail scoile lena mbaineann an cion sin a shárú, ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £200, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná mí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

(6) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo is cosaint é do thuismitheoir a shuíomh go ndearna sé nó sí gach iarracht réasúnach chun a chur faoi deara don leanbh lena mbaineann na himeachtaí freastal ar scoil aitheanta de réir an Achta seo.

(7) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo is ar an gcosantóir a bheidh an dualgas a chruthú—

(*a*) nach leanbh é nó í an duine lena mbaineann an t-ionchúiseamh,

(*b*) faoi *alt 17(2)(d*) nó *(g*) nach gceanglaítear ar an leanbh lena mbaineann an t-ionchúiseamh freastal ar scoil aitheanta, nó

Cd. III A.25

(*c*) go bhfuil oideachas á thabhairt don leanbh lena mbaineann an t-ionchúiseamh lasmuigh den Stát.

(8) Más rud é, maidir le tuismitheoir—

(*a*) go gciontófar é nó í i gcion faoin alt seo, nó

(*b*) in imeachtaí mar gheall ar chion den sórt sin, go suífidh sé nó sí, de réir *fho-alt (6)*, go ndearna sé nó sí gach iarracht den sórt dá dtagraítear san fho-alt sin,

cuirfidh an Bord an méid sin in iúl láithreach i scríbhinn do bhord sláinte an limistéir ina bhfuil cónaí ar an tuismitheoir sin.

Ceart an Bhoird cinneadh ó bhord bainistíochta faoi alt 29 d'Acht 1998 a achomharc etc.

26.—(1) Féadfaidh an Bord achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh a bhfuil feidhm ag mír (*a*) nó (*c*) d'fho-alt (1) d'alt 29 d'Acht 1998 maidir leis agus, dá réir sin, déanfar tagairt san fho-alt sin (1) do ''tuismitheoir an mhic léinn'' nó do ''mac léinn'' a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt don Bhord.

(2) Leasaítear leis seo alt 29 d'Acht 1998 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

''(4A) Féadfaidh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, le linn achomharc a bheidh tionscanta ag tuismitheoir nó ag mac léinn in aghaidh cinnidh a bhfuil feidhm ag mír (*a*) nó (*c*) d'fho-alt (1) maidir leis a éisteacht, cibé aighneachtaí (cibé acu i scríbhinn nó ó bhéal) is cuí leis a dhéanamh chuig an gcoiste achomhairc.''.

Dualgais ilghnéitheacha an Bhoird i ndáil le leanaí áirithe agus le tuismitheoirí leanaí áirithe.

27.—(1) I gcás ina seasfaidh coiste achomhairc arna cheapadh faoi alt 29 d'Acht 1998 le cinneadh a bhfuil feidhm ag mír (*a*) nó (*c*) den alt sin maidir leis nó i gcás nach dtionscnófar aon achomharc in aghaidh cinnidh den sórt sin, déanfaidh an Bord gach iarracht réasúnach chun a chur faoi deara an leanbh lena mbaineann an cinneadh áirithe a rollú i scoil aitheanta eile.

(2) I gcás ina mainneoidh an Bord, tar éis dó gach iarracht réasúnach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh, a chur faoi deara an leanbh lena mbaineann a rollú i scoil aitheanta eile, déanfaidh sé, le toiliú thuismitheoirí an linbh agus an Aire, cibé socruithe eile is cuí leis chun a chinntiú go bhfaighidh an leanbh oideachas íosta áirithe agus déanfaidh sé faireachán ar dhul chun cinn oideachas an linbh.

(3) Aon tuismitheoir a bhfuil fadhbanna aige nó aici i dtaca lena chinntiú go bhfreastalaíonn a leanbh ar scoil go rialta, féadfaidh sé nó sí comhairle agus cabhair an Bhoird a iarraidh i ndáil leis sin, agus déanfaidh an Bord, ar iarraidh den sórt sin a fháil, gach comhairle agus cabhair is cuí leis a thabhairt don tuismitheoir lena mbaineann.

Sonraí pearsanta etc. a sholáthar do chomhlachtaí forordaithe.

28.—(1) Féadfaidh rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe sonraí pearsanta a bheidh á gcoimeád aige nó aici, nó faisnéis arna baint as sonraí den sórt sin, a sholáthar do rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe eile más deimhin leis nó léi gur chun críche iomchuí, agus chuige sin amháin, a úsáidfear iad.

(2) Féadfaidh rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe, chun críche iomchuí agus chuige sin amháin, sonraí pearsanta a sholáthrófar dó nó di faoin alt seo a choimeád agus a úsáid. CD. III A.28

(3) San alt seo—

tá le ''rialaitheoir sonraí'' agus ''sonraí pearsanta'' na bríonna a shanntar dóibh leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988;

ciallaíonn ''comhlacht forordaithe'' comhlacht a bheidh forordaithe ag an Aire;

ciallaíonn ''chun críche iomchuí''—

(*a*) chun stair oideachais nó oiliúna duine a thaifeadadh, nó chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachasúil nó oiliúna an duine sin, d'fhonn a fháil amach conas is fearr is féidir cabhrú leis nó léi leas a bhaint as deiseanna oideachais nó oiliúna nó a lánphoitéinseal oideachasúil a fhorbairt, nó

(*b*) chun taighde a dhéanamh—

(i) ar a mhéid a chuireann daoine, a bhfuil oideachas íosta áirithe á fháil nó faighte acu, iad féin i láthair i gcomhair scrúduithe a bhfuil feidhm ag Cuid VIII d'Acht 1998 maidir leo, agus mar a chruthaíonn daoine a chuireann iad féin i láthair amhlaidh sna scrúduithe sin,

(ii) ar a mhéid a ghlacann daoine a bhfuil oideachas íosta áirithe faighte acu tuilleadh páirte i gcláir oideachais, oiliúna nó teagaisc, nó

(iii) ar éifeachtacht clár oideachais nó oiliúna i gcoitinne.

Clár de dhaoine óga atá i bhfostaíocht.

29.—(1) Déanfaidh an Bord, a luaithe is féidir tar éis don alt seo teacht i ngníomh, a chur faoi deara clár de dhaoine óga (dá ngairtear ''an clár'' ina dhiaidh seo san alt seo) a bhunú agus a chothabháil.

(2) Féadfaidh aon duine óg iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun é nó í a chlárú sa chlár.

(3) Aon leanbh a scoirfidh, ag deireadh scoilbhliana, de bheith ina leanbh chun críocha an Achta seo, féadfaidh sé nó sí, le linn na scoilbhliana sin, iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun é nó í a chlárú sa chlár.

(4) Beidh iarratas faoin alt seo i cibé foirm agus beidh cibé sonraí ann a fhorordóidh an tAire.

(5) Déanfaidh an Bord, a luaithe is indéanta tar éis dó iarratas a fháil faoin alt seo, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an leanbh nó leis an duine óg lena mbaineann, lena thuismitheoirí nó lena tuismitheoirí agus le cibé daoine eile is cuí leis an mBord, plean a ullmhú chun cabhrú leis an leanbh nó leis an duine óg sin, de réir mar a bheidh, leas a bhaint as deiseanna oideachais agus oiliúna, agus déanfaidh sé, chun a chinntiú go gcuirfear an plean sin i gcrích, gach cabhair eile den sórt sin is cuí leis a thabhairt don leanbh nó don duine óg sin agus dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí.

Cd. III A.29

(6) Déanfaidh an Bord, a luaithe is féidir tar éis dó plean a ullmhú faoi *fho-alt (5)*—

(*a*) ainm an linbh nó an duine óig lena mbaineann, sonraí an phlean agus cibé sonraí eile is cuí leis an mBord, a thaifeadadh sa chlár, agus

(*b*) deimhniú clárúcháin a eisiúint chuig an leanbh sin nó chuig an duine óg sin, de réir mar a bheidh (dá ngairtear ''deimhniú'' ina dhiaidh seo san alt seo), ina mbeidh cibé sonraí is cuí leis an mBord.

(7) Más é tuairim an Bhoird go bhfuil duine óg, ar eisíodh deimhniú chuige nó chuici, ag mainneachtain gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun an plean a ullmhaíodh dó nó di faoi *fho-alt (5)* a chur i gcrích, féadfaidh sé, más deimhin leis nach mbeadh sé ar mhaithe le leas an duine óig leanúint i bhfostaíocht gan leanúint freisin den phlean a chur i gcrích, an deimhniú a eisíodh chuige nó chuici a tharraingt siar.

(8) Sula dtarraingeoidh an Bord siar deimhniú faoi *fho-alt (7)* déanfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn—

(*a*) a chur in iúl don duine óg lena mbaineann, dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí agus dá fhostóir nó dá fostóir go bhfuil sé ar intinn aige an deimhniú a eisíodh chuige nó chuici a tharraingt siar, agus

(*b*) a iarraidh ar an duine óg lena mbaineann agus ar a thuismitheoirí nó ar a tuismitheoirí, laistigh de 21 lá ón bhfógra a sheirbheáil, uiríll a dhéanamh chun an Bhoird maidir leis an ní,

agus cuirfidh an Bord aon uiríll den sórt sin san áireamh le linn dó cinneadh a dhéanamh i ndáil leis an ní.

(9) Ní fhostóidh fostóir duine óg ar aon obair mura sealbhóir é nó í an duine óg ar dheimhniú bailí, agus déanfaidh agus coimeádfaidh an fostóir cóip de gach deimhniú den sórt sin.

(10) Déanfaidh fostóir, a luaithe is indéanta ach in aon chás tráth nach déanaí ná mí tar éis don duine óg lena mbaineann tosú i bhfostaíocht leis an bhfostóir, an méid sin a chur in iúl don Bhord trí fhógra i scríbhinn, agus coimeádfaidh an fostóir cóip den fhógra sin.

(11) Déanfaidh fostóir, ar iarraidh chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici ag oifigeach leasa oideachais, cóip de dheimhniú nó d'fhógra faoi *fho-alt (10)* a bhaineann le cibé duine óg a shonróidh an t-oifigeach leasa oideachais a thabhairt ar aird don oifigeach leasa oideachais.

(12) Beidh, i bhfógra faoi *fho-alt (10)*, cibé sonraí a fhorordóidh an tAire.

(13) Sula bhforordóidh sé nó sí aon ní faoin alt seo, déanfaidh an tAire an méid seo a leanas—

(*a*) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,

(*b*) rachaidh sé nó sí i gcomhairle le cibé ionadaithe d'fhostóirí agus le cibé ionadaithe d'fhostaithe is cuí leis an Aire, le

comhthoiliú an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus

CD. III A.29

(*c*) foilseoidh sé nó sí, i cibé slí is cuí leis an Aire, fógra i dtaobh é a bheith ar intinn aige nó aici a fhorordú amhlaidh, agus ceadóidh sé nó sí d'aon duine uiríll a dhéanamh, laistigh de 21 lá ón bhfoilsiú sin, i ndáil leis na rialacháin bheartaithe.

(14) Aon fhostóir a sháróidh *fo-alt (9)* nó *(10)* nó a mhainneoidh nó a dhiúltóidh iarraidh faoi *fho-alt (11)* a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí a chur air nó uirthi.

(15) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (14)* beidh sé nó sí, ar gach lá a leanfaidh sé nó sí den sárú lena mbaineann an cion sin tar éis é nó í a chiontú sa chion sin, ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £200 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná mí nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(16) Níl feidhm ag an alt seo maidir le duine óg—

(*a*) atá cláraithe i scoil aitheanta,

(*b*) atá ag gabháil do chúrsa staidéir (de réir bhrí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992), nó a bhfuil cúrsa den sórt sin críochnaithe aige nó aici (tar éis cibé caighdeán a bheidh forordaithe ag an Aire a bhaint amach), nó

(*c*) atá ag gabháil do chlár forordaithe oideachais, oiliúna nó teagaisc arna fhorordú ag an Aire, nó a bhfuil clár den sórt sin críochnaithe aige nó aici (tar éis cibé caighdeán a bheidh forordaithe ag an Aire a bhaint amach).

(17) San alt seo—

tá le ''fostaí'' an bhrí a shanntar dó le hAcht 1996;

tá le ''fostóir'' an bhrí a shanntar dó le hAcht 1996;

ciallaíonn ''duine óg'' duine (seachas leanbh) ag a bhfuil aois a bheidh forordaithe ag an Aire ach ní fholóidh sé duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici.

Feidhmeanna oifigeach leasa oideachais.

30.—(1) Féadfaidh oifigeach leasa oideachais, chun críocha *alt 29*, gach ní nó aon ní díobh seo a leanas a dhéanamh—

(*a*) dul isteach gach tráth réasúnach, faoi réir *fho-alt (5)*, in aon áitreabh nó áit a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil aon duine óg fostaithe le hobair ann nó a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil na gníomhaíochtaí a bhfuil duine óg fostaithe chun iad a sheoladh á dtreorú nó á rialú uaidh nó uaithi (cibé acu i gcoitinne nó i leith nithe áirithe),

(*b*) cibé scrúdú nó fiosrú a dhéanamh is gá chun a fhionnadh an bhfuil forálacha *alt 29* á gcomhlíonadh i leith aon duine óig atá fostaithe in aon áitreabh nó áit den sórt sin nó i

leith aon duine óig a bhfuil na gníomhaíochtaí réamhráite dá chuid nó dá cuid á dtreorú nó á rialú ó aon áitreabh nó áit den sórt sin,

(*c*) a cheangal ar fhostóir aon duine óig nó ar ionadaí an fhostóra sin aon taifid a cheanglaítear ar an bhfostóir sin a choimeád a thabhairt ar aird dó nó di, agus na taifid sin a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh d'iontrálacha atá sna taifid sin (lena n-áirítear, i gcás faisnéise i bhfoirm neamh-inléite, cóip den fhaisnéis sin, nó cóip de shliocht as an bhfaisnéis sin, i mbuanfhoirm inléite),

(*d*) a cheangal ar aon duine a bhfuil cúis réasúnach aige nó aici chun a chreidiúint gur fostaí, nó gur fostóir de chuid aon fhostaí, atá nó a bhí ann nó inti cibé faisnéis a thabhairt a iarrfaidh an t-oifigeach leasa oideachais le réasún,

(*e*) aon duine a bhfuil cúis réasúnach aige nó aici chun a chreidiúint gur fostóir nó gur fostaí atá nó a bhí ann nó inti a cheistiú maidir le haon nithe faoi *alt 29* agus a cheangal air nó uirthi freagra a thabhairt ar cibé ceisteanna (seachas ceisteanna a d'ionchoireodh é nó í) a chuirfidh an t-oifigeach air nó uirthi i ndáil leis na nithe sin agus dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor.

(2) Ní rachaidh oifigeach leasa oideachais isteach i dteaghais phríobháideach (seachas cuid de theaghais a úsáidtear mar áit oibre)—

(*a*) gan toiliú an áititheora, nó

(*b*) de réir barántais arna eisiúint faoi *fho-alt (5)*.

(3) I gcás ina gcoiscfear ar oifigeach leasa oideachais, i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo, dul isteach in aon áitreabh, féadfar iarratas a dhéanamh ar bharántas faoi *fho-alt (5)* á údarú dul isteach amhlaidh.

(4) Féadfaidh oifigeach leasa oideachais, má mheasann sé nó sí é a bheith riachtanach, comhalta den Gharda Síochána a bheith ina theannta nó ina teannta nuair a bheidh aon chumhacht a thugtar d'oifigeach leasa oideachais leis an alt seo á feidhmiú aige nó aici.

(5) Ar iarratas ó oifigeach leasa oideachais, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis a theastaíonn ó oifigeach leasa oideachais faoin alt seo á sealbhú in aon áitreabh nó in aon chuid d'aon áitreabh, barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach leasa oideachais ainmnithe, agus cibé oifigigh leasa oideachais eile nó comhaltaí den Gharda Síochána is gá in éineacht leis nó léi, aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ón dáta a eiseofar an barántas, ar an mbarántas a thabhairt ar aird (má iarrtar amhlaidh air nó uirthi é), dul isteach san áitreabh (trí forneart réasúnach a úsáid más gá) agus gach ceann nó aon cheann d'fheidhmeanna oifigigh leasa oideachais faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh.

(6) Aon duine—

(*a*) a chuirfidh bac nó treampán ar oifigeach leasa oideachais le linn dó nó di aon cheann de na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach leasa oideachais faoin alt seo a fheidhmiú,

(*b*) a dhiúltóidh aon taifead a thabhairt ar aird a cheanglóidh oifigeach leasa oideachais go dleathach air nó uirthi a thabhairt ar aird, Cd. III A.30

(*c*) a thabharfaidh ar aird, nó a chuirfidh faoi deara go dtabharfar ar aird, nó a cheadóidh go feasach go dtabharfar ar aird, d'oifigeach leasa oideachais aon taifead atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha nuair is eol dó nó di é a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh,

(*d*) a thabharfaidh d'oifigeach leasa oideachais aon fhaisnéis atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha nuair is eol dó nó di í a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, nó

(*e*) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh aon cheanglas dleathach ó oifigeach leasa oideachais faoi *fho-alt (1)(c*) a chomhlíonadh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

31.—Leasaítear leis seo alt 1 d'Acht 1996— Leasú ar Acht 1996.

(*a*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ''leanbh'':

> ''ciallaíonn 'leanbh' duine nach bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó aici;'',

(*b*) tríd an míniú ar ''aois fágála scoile'' a scriosadh, agus

(*c*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ''duine óg'':

> ''ciallaíonn 'duine óg' duine a bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil 18 bliana d'aois slánaithe aige nó aici.''.

CUID IV

Forálacha a Bhaineann le hAirgeadas agus Foireann an Bhoird

32.—Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire a airleacan chun an Bhoird as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Deontais don Bhord.

33.—(1) Coimeádfaidh an Bord, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord nó a chaithfidh sé agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais. Cuntais agus iniúchtaí.

(2) Déanfaidh an Bord cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tráth nach

Cd. IV A.33

déanaí ná an 31ú lá de Mhárta sa bhliain díreach tar éis na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad nó ar cibé dáta is luaithe ná sin a shonróidh an tAire ó am go ham, lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip de na cuntais, agus de cibé cuntais eile (más ann) arna gcoimeád de bhun an ailt seo a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Aire agus, a luaithe agus is féidir, cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den chéanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascálacha agus faisnéis.

34.—(1) Déanfaidh an Bord, tráth nach déanaí ná an 31ú lá de Mhárta gach bliain, tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí sa bhliain díreach roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire agus, a luaithe is féidir, cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Tabharfaidh an Bord don Aire cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna a cheanglóidh an tAire ó am go ham.

Bronntanais.

35.—(1) Féadfaidh an Bord bronntanais airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an Bord bronntanas más rud é go mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha atá ag gabháil leis ar neamhréir lena fheidhmeanna.

An Príomh-Fheidhmeannach.

36.—(1) Beidh príomhfheidhmeannach ar an mBord (ar a dtabharfar agus dá ngairtear ''an Príomh-Fheidhmeannach'' san Acht seo).

(2) Déanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach riarachán agus gnó an Bhoird a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne, agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chinnfidh an Bord.

(3) Is é an Bord, le toiliú an Aire, a cheapfaidh an Príomh-Fheidhmeannach agus a fhéadfaidh é nó í a chur as oifig.

(4) Sealbhóidh an Príomh-Fheidhmeannach oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoina réir (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a chinnfidh an Bord le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Foireann.

37.—(1) Déanfaidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sé ó am go ham a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Bhoird.

(2) Is é a bheidh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha seirbhíse comhalta d'fhoireann an Bhoird, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a chinnfidh an Bord ó am go ham.

(3) Íocfaidh an Bord le comhaltaí a fhoirne cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an Bord ó am go ham, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

CD. IV

Luach saothair foirne.

38.—Déanfaidh an Bord, le linn an luach saothair nó na liúntais i leith caiteachas a bheidh le híoc le comhaltaí dá fhoireann nó na téarmaí nó na coinníollacha eile ar faoina réir a shealbhaíonn nó a shealbhóidh na comhaltaí sin a bhfostaíocht a chinneadh, aird a thabhairt ar threoirlínte Rialtais nó ar threoirlínte a bheidh comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus a bheidh ar marthain de thuras na huaire agus ar bheartas Rialtais maidir le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta a bheidh ar marthain amhlaidh agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, comhlíonfaidh an Bord aon treoracha maidir le luach saothair, liúntais, téarmaí nó coinníollacha den sórt sin a thabharfaidh an tAire don Bhord le toiliú an Aire Airgeadais.

Comhaltaí foirne do chomhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird.

39.—Féadfaidh an Bord aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh trí aon chomhalta d'fhoireann an Bhoird a bheidh údaraithe go cuí ag an mBord chuige sin.

Foireann a aistriú.

40.—(1) Déanfar gach duine (seachas comhalta den Gharda Síochána) ar oifigeach freastail scoile é nó í díreach roimh thosach feidhme an Achta seo a aistriú chuig foireann an Bhoird, agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Bhoird.

(2) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ní lú tairbhe dó nó di, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Bhoird, na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair ar a gcuirfear é nó í ná na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh thosach feidhme an ailt seo.

(3) I ndáil le daoine a aistreofar chuig an mBord faoi *fho-alt (1),* beidh seirbhís roimhe sin in údarás áitiúil ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991, an Achta um Chosaint Oibrithe (Fostaithe Páirtaimseartha Rialta), 1991, an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991, agus na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh sna hAchtanna sin.

Aoisliúntas.

41.—(1) A luaithe is féidir tar éis a bhunaithe, déanfaidh an Bord scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé comhaltaí dá fhoireann (lena n-áirítear an Príomh-Fheidhmeannach) is cuí leis an mBord, nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Socróidh gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an Bord, aon tráth, scéim lena leasaítear scéim a bheidh curtha faoi bhráid an Aire agus a bheidh ceadaithe roimhe sin faoin alt seo a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Déanfaidh an Bord scéim nó scéim leasaitheach a chuirfear faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chur i gcrích de réir a téarmaí.

Cd. IV A.41

(5) Má éiríonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, de bhun scéime faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chuig an Aire Airgeadais agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Aire Airgeadais.

(6) Ní dhéanfaidh an Bord aon sochar aoisliúntais a dheonú do dhaoine dá fhoireann (lena n-áirítear an Príomh-Fheidhmeannach) is comhaltaí de scéim faoin alt seo, nó ina leith, ná ní dhéanfar aon socrú eile chun aon sochar aoisliúntais a sholáthar do dhaoine den sórt sin ar scor dóibh de bheith i seilbh oifige, seachas de réir cibé scéim nó scéimeanna a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(7) Cuirfidh an tAire faoi deara gach scéim a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid agus a bheidh ceadaithe faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ceadaithe, agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

Alt 9.

AN SCEIDEAL

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

1. (1) Beidh an Bord ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus gnáthshéala aige agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha faoina ainm corpraithe agus, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(2) Fíordheimhneofar séala an Bhoird le síniú chathaoirleach an Bhoird, nó le sínithe gnáthchomhalta den Bhord agus comhalta d'fhoireann an Bhoird araon ar daoine iad a bheidh údaraithe ag an mBord chun gníomhú chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Bhoird agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Bord agus a bheith séalaithe le séala an Bhoird (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir na míre seo) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan chruthúnas mura suífear a mhalairt.

2. (1) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an mBord, is é sin le rá—

(*a*) cathaoirleach, a gceapfaidh an tAire é nó í as measc daoine a bhfuil, i dtuairim an Aire, spéis ar leith acu i nithe a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird agus saineolas acu ar na nithe sin,

(*b*) 12 ghnáthchomhalta—

(i) ar duine díobh an Príomh-Fheidhmeannach,

(ii) a gceapfaidh an tAire duine díobh tar éis dó nó di dul i gcomhairle le cumainn náisiúnta tuismitheoirí,

Sc.

(iii) a gceapfaidh an tAire duine díobh tar éis dó nó di dul i gcomhairle le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile,

(iv) a gceapfaidh an tAire duine díobh tar éis dó nó di dul i gcomhairle le ceardchumainn agus le comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí,

(v) a gceapfaidh an tAire duine díobh tar éis dó nó di dul i dteagmháil le hoifigigh leasa oideachais,

(vi) a gceapfaidh an tAire duine díobh tar éis dó nó di dul i gcomhairle le comhlachtaí saorálacha agus comhlachtaí eile a bhfuil cuspóirí acu is dóigh leis an Aire a bhaineann le nithe a gcomhlíonann an Bord feidhmeanna ina leith, agus

(vii) a gceapfaidh an tAire 6 díobh tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus Leanaí, leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Aire Turasóireachta, Spóirt agus Áineasa, as measc daoine a bhfuil, i dtuairim an Aire, spéis ar leith acu i nithe a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird agus saineolas acu ar na nithe sin.

(2) Beidh cathaoirleach an Bhoird i seilbh oifige ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

(3) Beidh gnáthchomhalta den Bhord (seachas an Príomh-Fheidhmeannach) i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

(4) Beidh comhalta den Bhord a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha chun an Bhoird.

(5) Ar dhul in éag do chéad téarma oifige duine a céadcheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó ar chomhalta den sórt sin do scor ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, agus ar gach ócáid dá éis sin a rachaidh téarma oifige comhalta den Bhord in éag nó a scoirfidh comhalta den Bhord ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, feidhmeoidh an tAire a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoi *fho-alt (1)* ionas go mbainfear amach an toradh dá dtagraítear i *bhfomhír (6)*.

(6) Is é an toradh a luaitear i *bhfomhír (5)* ná gur daoine nár ceapadh roimhe sin chun bheith ina gcomhaltaí den Bhord líon nach lú ná 3 chomhalta den Bhord aon tráth áirithe.

3. (1) Féadfaidh an tAire aon tráth comhalta den Bhord a chur as oifig.

(2) Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra.

(3) Scoirfidh comhalta den Bhord de bheith cáilithe le haghaidh oifige, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú—

(*a*) má bhreithnítear ina fhéimheach é nó ina féimheach í,

Sc.

(*b*) má dhéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(*c*) má chiontaítear é nó í in aon chion indíotáilte i ndáil le cuideachta,

(*d*) má chiontaítear é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, cibé acu is i ndáil le cuideachta nó nach ea,

(*e*) má dhéantar ordú ina thaobh nó ina taobh faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, nó

(*f*) má chuireann cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi.

(4) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, beidh comhalta den Bhord i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

4. (1) Más rud é go bhfaighidh comhalta den Bhord bás, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar an modh céanna inar ceapadh an comhalta den Bhord ba chúis leis an gcorrfholúntas.

(2) Beidh duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord de bhun na míre seo i seilbh oifige ar feadh na tréimhse sin de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas lena mbaineann a bheidh gan chaitheamh ar dháta a cheaptha nó a ceaptha agus beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chomhalta den Bhord ar éag don tréimhse sin.

5. Déanfaidh an Bord cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais, a íoc le cathaoirleach an Bhoird agus le gach gnáthchomhalta den Bhord.

6. (1) Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhall go cuí.

(2) Ag cruinniú den Bhord—

(*a*) is é nó is í cathaoirleach an Bhoird, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(*b*) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach an Bhoird i láthair nó má bhíonn an oifig sin folamh, roghnóidh na comhaltaí den Bhord a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(3) Cinnfear gach ceist ag cruinniú le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Bhord a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás na vótaí a bheith roinnte go cothrom, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(4) Féadfaidh an Bord gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais i measc a chomhaltaí.

(5) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, rialálfaidh an Bord a nós imeachta le rialacha nó ar shlí eile. Sc.

(6) 7 is córam do chruinniú den Bhord, mura n-ordóidh an tAire a mhalairt.

7. (1) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(2) Más rud é, maidir le comhalta d'fhoireann an Bhoird—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun na Coda sin XIII, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an mBord agus ní íocfaidh an Bord leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón mBord, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh), agus dar críoch an tráth a scoirfidh an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó ina ionadaí nó ina hionadaí sa Pharlaimint sin.

(3) Duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina ionadaí nó ina hionadaí den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó chun bheith fostaithe in aon cháil ag an mBord.

(4) Ní dhéanfar aon tréimhse a luaitear i *bhfomhír (2)* a áireamh mar sheirbhís leis an mBord chun críocha aon sochair aoisliúntais.

8. (1) Más rud é go n-éireoidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú den Bhord, eadhon—

(*a*) socrú ar páirtí ann an Bord nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó

(*b*) conradh nó comhaontú eile leis an mBord nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon chomhalta den Bhord a bheidh i láthair ag an

Sc.

gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici sa ní ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—

(i) nochtfaidh sé nó sí don Bhord, ag an gcruinniú, go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa,

(ii) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh i ndáil leis an ní,

(iii) fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléitear an ní,

(iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an Bord i ndáil leis an ní, agus

(v) ní vótálfaidh sé nó sí ar chinneadh a bhaineann leis an ní.

(2) I gcás ina nochtfar leas de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag déileáil leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an duine a dhéanann an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(3) I gcás ina n-éireoidh ceist ag cruinniú den Bhord i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Bhord, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fhomhír (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe an cheist a chinneadh, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an chathaoirligh, agus i gcás ina gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(4) Más deimhin leis an Aire gur sháraigh comhalta den Bhord *fomhír (1)*, féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi é, an comhalta sin a chur as oifig agus, i gcás ina gcuirtear duine as oifig de bhun na fomhíre seo, beidh sé nó sí dícháilithe as sin amach chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

9. (1) Más rud é, maidir le haon chomhalta d'fhoireann an Bhoird, go bhfuil leas aige nó aici, ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, in aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó in aon chonradh, comhaontú nó socrú atá beartaithe, ar páirtí ann an Bord—

(*a*) nochtfaidh an duine sin a leas, agus cineál an leasa, don Bhord,

(*b*) ní ghlacfaidh an duine sin aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe ná in aon bhreithniú ag an mBord nó ag comhaltaí d'fhoireann an Bhoird i ndáil leis an gcéanna, agus

(*c*) ní imreoidh an duine sin tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh ar an ní ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fomhír (1)* maidir le conarthaí nó conarthaí beartaithe fostaíochta comhaltaí d'fhoireann an Bhoird leis an mBord.

(3) Má sháraíonn duine an mhír seo féadfaidh an Bord cibé athruithe is cuí leis a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an duine nó deireadh a chur le conradh fostaíochta an duine. Sc.

10. (1) Ní dhéanfaidh aon duine faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh mar chomhalta den Bhord nó mar chomhalta d'fhoireann an Bhoird, nó mar chomhairleoir nó sainchomhairleoir don Bhord, a nochtadh mura rud é go mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an mBord chun déanamh amhlaidh.

(2) Aon duine a sháróidh *fomhír (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

(3) San alt seo folaíonn ''faisnéis faoi rún''—

(*a*) faisnéis a mbeidh sé ráite ag an mBord ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe, agus

(*b*) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a bheidh curtha faoi bhráid an Bhoird ag conraitheoirí, ag sainchomhairleoirí nó ag aon duine eile.

11. (1) Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun comhairle a thabhairt dó i ndáil le comhlíonadh aon cheann nó gach ceann dá fheidhmeanna agus féadfaidh sé téarmaí tagartha aon choiste den sórt sin a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

(2) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bhord a bheith ar choiste a bhunófar faoin mír seo.

(3) Beidh ar choiste a bhunófar faoin mír seo, i gcás inar cuí leis an bPríomh-Fheidhmeannach é, an Príomh-Fheidhmeannach nó cibé duine eile a ainmneoidh an Príomh-Fheidhmeannach.

(4) Féadfaidh an Bord comhalta de choiste a bhunófar faoin mír seo a chur as oifig tráth ar bith.

(5) Féadfaidh an Bord coiste a bhunófar faoin mír seo a dhíscaoileadh tráth ar bith.

(6) Féadfaidh an Bord duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar choiste a bhunófar faoin mír seo.

(7) Féadfaidh an Bord cibé liúntais i leith caiteachas (más ann), a chinnfidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, arna dtabhú ag comhaltaí coiste a bhunófar faoin mír seo a íoc leis na comhaltaí sin.